

Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Leabhrán Faisnéise 1 **Cuideachtaí**

Fógra Cinnidh D/2011/1

Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

Cuideachtaí

faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009

Fógra Cinnidh D/2011/1

Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

Cuideachtaí

faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009

Ráiteas Cóipchirt

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Mar sin féin i gcomhlíontas na Rialachán in I.R. 279 de 2005 (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid) mholann OSFC an faisnéis uile a tháirgeann sí a athúsáid.

Ceadaítear dá réir atáirgeadh agus/nó athúsáid an doiciméid seo faoi réir an cheadúnais PSI is deireanaí atá ar fáil ag www.psi.gov.ie. Ceadaítear duit an doiciméad seo nó an fhaisnéis inti a athúsáid saor in aisce i bhformáid ar bith ar choinníoll:

- go mbeidh an fhaisnéis a atáirgfear cruinn;
- gur chun críche dleathaí nó cuí a bhainfear úsáid aisti;
- go n-admhófar go soiléir foinse na faisnéise agus an chóipchirt;
- nach é príomhchúis le hathúsáid na faisnéise fógraíocht nó bolscaireacht a dhéanamh thar ceann táirge nó seirbhís faoi leith.

Ráiteas Séanta

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar léiriú de nó ar son OSFC maidir lena léirmhíniú cinntitheach ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009 nó maidir le léirmhíniú údarásach ar dhlí ar bith.

Ba chóir comhairle dlí neamhspleách a lorg maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacfaidh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagracht nó dliteanas ar bith is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

1.0 Réamhrá	5
2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Cuideachtaí	6
2.1 Cad is Cuideachta ann	6
2.2 Cineálacha Struchtúr Cuideachta	6
2.3 Cuideachtaí faoi Dhliteanas Teoranta agus Cuideachtaí faoi Dhliteanas Neamhtheoranta	6
2.4 Cuideachtaí Poiblí agus Cuideachtaí Príobháideacha	6
2.5 Lamhátais atá ar fáil do Chuideachtaí Príobháideacha	8
2.6 Cuideachta a Fhoirmiú	8
2.7 Bunreacht Cuideachta	9
2.7.1 Meabhrán Comhlachais	9
2.7.2 Airteagail Chomhlachais	10
2.8 Stiúrtóirí Cuideachta	10
2.9 Rúnaí Cuideachta	10
2.10 Dualgais Chuideachta	10
2.10.1 Dualgas Leabhair Chuí Chuntas a Choinneáil	10
2.10.2 Dualgas Cuntais Bhliantúla a Ullmhú (Ráitis Airgeadais)	12
2.10.3 Dualgas Iniúchadh Bliantúil a Fháil Déanta	12
2.10.4 Dualgas Clár Áirithe agus Doiciméid eile a Choinneáil	13
■ Clár na gComhaltaí	13
■ Clár na Stiúrtóirí agus na Rúnaithe	13
■ Clár Leasanna na Stiúrtóirí agus na Rúnaithe	13
■ Clár Sealbhóirí Bintiúir	14
■ Leabhair Mhiontuairisce	14
■ Conarthaí Seirbhíse Stiúrtóirí	14
■ Ionstraim a bhunaíonn Muirir maidir le Maoin Sealbhais Cuideachtaí	14
■ Conarthaí maidir le Ceannach Scaireanna Dílse	15
■ Clár Leasanna Pearsana i Scaireanna (baineann sé le cuideachtaí poiblí teoranta amháin)	15
2.10.5 Dualgas Doiciméid Áirithe a Chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí	15
2.10.6 Dualgas Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta a Thionól	15
2.11 Cumhachtaí Cuideachta	16
3.0 Pionóis faoi Achtanna na gCuideachtaí	16
3.1 Pionóis maidir le Coireanna Coiriúla	16
Pionóis a Fhorchuireann an Chúirt	16
3.2 Pionóis Shibhialta	17
Dícháiliúchán	17
Srianadh	17
Baint den Chlár na gCuideachta	17
4.0 Seoltaí Úsáideacha	18

Aguisín A	An Tuairisceán Bliantúil	19
	Réamhrá	19
	Faisnéis a Éilítear sa Tuairisceán Bliantúil	20
	Faisnéis a nÉilítear a ceangail leis an Tuairisceán Bliantúil	20
	Díolúine ó Chlárú ar Fáil maidir le Cuideachtaí “Beaga” agus “Meánmhéide”	20
Aguisín B	Dáta Tuairisceáin Bhliantúil	22
	Réamhrá	22
	Dáta Tuairisceáin Bhliantúil (DTB) a Shocrú	22
	An DTB a Athrú	22
Aguisín C	Foirm Léiritheach agus Ábhar na Miontuairiscí	22
	Cruinnithe Boird agus Cruinnithe Fochoistí Boird	23
	Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta	24
Aguisín D	Príomhreachtaíocht Rialaithe Cuideachtaí i bPoblacht na hÉireann	26
Aguisín E	Treoir maidir leis na Taifid Chuntas is gá do Chuideachta a Choinneáil	27
	Córais Chuntasaíochta	27
	Córas Rialaithe Inmheánach	29
Aguisín F	Forálacha maidir le Cuideachtaí Príobháideacha Teoranta Aonchomhalta	31

1.0 Réamhrá

Tá forálacha leithne in Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009 ina sonraítear conas cúrsaí cuideachta a stiúradh. Tá cur síos sna forálacha sin ar conas is ceart do rannpháirtithe éagsúla i gcuideachtaí a ndualgais agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Ina theannta sin tugtar cearta agus cumhachtaí suntasacha do rannpháirtithe lena chur ar a gcumas a gcearta a dhearbhu agus más gá a leasanna príobháideacha agus/nó corparáideacha a chosaint.

Tá an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim gur deacair do go leor de na rannpháirtithe neamhghairmiúla i gcúrsaí cuideachta bheith eolasach faoi na cearta atá acu agus faoi na hoibleagáide atá orthu faoin dlí toisc méid na gceangal in Achtanna na gCuideachtaí. Ba é sin go páirteach ba chúis le caighdeán neamhdhóthanach maidir le comhlíontas dhlí na gcuideachtaí san am atá thart.

Sonraítear in Alt 12(1)(b) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001 go bhfuil sé d'fheidhm ag an Stiúrthóir comhlíontas Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh *“to encourage compliance with the Companies Acts”*. Is i gcomhchuibheas leis an sainchúram sin d'eisigh an Stiúrthóir sraith de leabhráin faisnéise. Eisíodh na Leabhráin Faisnéise sin den chéad uair i mí na Samhna 2001 agus san eagrán seo de na leabhráin tugtar chun dáta athruithe ar an dlí go deireadh na bliana 2010. Is ann do leabhráin faisnéise maidir leis na hábhair a leanas:

Leabhrán Faisnéise 1 – Cuideachtaí

**Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí
Cuideachta**

Leabhrán Faisnéise 3 – Rúnaithe Cuideachta

**Leabhrán Faisnéise 4 – Comhaltaí agus
Scairshealbhóirí**

Leabhrán Faisnéise 5 – Iniúchóirí

Leabhrán Faisnéise 6 – Creidiúnaithe

**Leabhrán Faisnéise 7 – Leachtaitheoirí,
Glacadóirí agus
Scrúdaitheoirí**

De bhreis ar fhaisnéis ar na dualgais agus ar na cumhachtaí ábhartha tá faisnéis i ngach leabhrán maidir leis na pionóis a ngearrfar mura gcomhlíonfar na ceangail in Achtanna na gCuideachtaí; tá seoltaí agus pointí teagmhála úsáideacha iontu freisin.

Is ar an léitheoir neamhghairmiúil a bhíothas ag díriú le linn ullmhúcháin gach leabhrán d'fhonn fáil agus tuiscint níos fearr ar phríomhcheangail dhlí na gcuideachtaí a chinntiú.

Tá an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh cibé duine aonair a fhaigheann na sochair agus na pribhléidí a ghabhann le bheith corpraithe feasach faoi na dualgais agus na freagrachtaí a ghabhann leo. Tá na leabhráin faisnéise ceaptha chun na dualgais agus leis na freagrachtaí atá air a chur i léire don duine aonair agus an léire sin a mhéadú.

Is mian leis an Stiúrthóir a shoiléiriú nár cheart go dtuigfí an treoir mar léirmhíniú cinntitheach dlíthiúil ar na forálacha ábhartha. Ina theannta sin ní mór a admháil gur féidir léirmhínithe difriúla a bhaint as an dlí. Ba chóir mar sin go mbeadh léitheoirí feasach faoi go mbíonn éiginnteacht i gceist maidir leis an léirthuiscint a baineann na Cúirteanna as an dlí nuair a fheidhmítear an dlí i leith imthosca sonracha cuideachtaí agus daoine aonair.

Tá sé tábhachtach go dtabharfadh léitheoirí dá n-aire i gcás go bhfuil amhras orthu maidir lena n-oibleagáide nó lena ndualgais faoin dlí gur chóir dóibh dul sa tóir ar chomhairle dlí nó chuntasaíochta ghairmiúil neamhspleách de réir mar is cuí.

Tá sé ar intinn an Stiúrthóra an treoir a thabhairt chun dáta de réir mar a thagann athruithe ar dhlí na gcuideachtaí amach anseo. Cuirfidh sé fáilte freisin roimh aon tuairim maidir leis an ábhar atá ann sa chaoi is go mbeidh na heagráin a fhoilseofar as seo amach chomh faisnéiseach agus is féidir.

**Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach**

Deireadh Fómhair 2011

2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Cuideachtaí

2.1 Cad is Cuideachta ann

Is eintiteas dleathach ar leith cuideachta a bhunaítear de ghnáth ach ní i gcónaí chun gníomhaíocht gnó a sheoladh. Is éard is ciall leis sin gur eintiteas dleathach ar leith atá i gcuideachta go bhfuil sí ar mharthain, ó thaobh dlí de, ar leithligh ó na daoine aonair ar leo í nó atá á riar. Ciallaíonn sin mar shampla gur féidir le cuideachta:

- caingean dlí a thionscain ina hainm féin seachas in ainm na n-úinéirí nó na mbainisteoirí;
- a bheith faoi réir caingean dlí ina hainm féin seachas in ainm na n-úinéirí nó na mbainisteoirí;
- conarthaí a dhéanamh a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí;
- bheith ina húinéir ar mhaoin sealbhais dá ceart féin.

Anseo in Éirinn is iad Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009, maille le roinnt reachtaíocht eile lena mbaineann, m.sh. Rialacháin an AE¹, a rialaíonn an modh a bhfeidhmíonn cuideachtaí.

2.2 Cineálacha Struchtúr Cuideachta

Foráiltear do roinnt cineálacha struchtúr cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí. Go ginearálta is féidir struchtúir chuideachta a aicmiú mar:

- cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta nó cuideachtaí faoi dhliteanas neamhtheoranta, agus;

- cuideachtaí poiblí nó cuideachtaí príobháideacha.

Is comhchumasc gach cuideachta de na haicmithe thuas m.sh. cuideachta phoiblí theoranta, cuideachta phríobháideach neamhtheoranta, cuideachta phríobháideach theoranta etc. Mínítear na haicmithe sna rannáin a leanas.

2.3 Cuideachtaí faoi Dhliteanas Teoranta agus Cuideachtaí faoi Dhliteanas Neamhtheoranta

Tá gach cuideachta faoi dhliteanas maidir leis na fiacha a thabhaíonn sí. Baineann an t-idirdhealú idir dliteanas teoranta agus dliteanas neamhtheoranta le dliteanas úinéirí (is mar chomhaltaí/scairshealbhóirí is fearr atá aithne orthu) na cuideachta maidir leis na fiacha a thabhaíonn an chuideachta.

I gcás cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta níl úinéirí na cuideachta faoi dhliteanas maidir le fiacha na cuideachta ach de réir mhéid na ranníocaíochta a d'aontaigh siad a íoc leis an gcuideachta. I gcás cuideachtaí faoi dhliteanas neamhtheoranta tá úinéirí na cuideachta faoi dhliteanas maidir le fiacha na cuideachta gan teorainn ar bith.

2.4 Cuideachtaí Príobháideacha agus Cuideachtaí Poiblí

Tig le cuideachta bheith ina cuideachta phríobháideach nó ina cuideachta phoiblí. Le go gcáileoidh sí mar chuideachta phríobháideach ní mór go gcomhlíonfadh an chuideachta coinníollacha áirithe. Is chun leasa na cuideachta a bheith príobháideach de bhrí gur féidir léi ansin áis a bhaint as lamháltais áirithe faoi dhlí na gcuideachtaí (pléitear iadsan i rannán 2.5). Le go gcáileoidh cuideachta mar chuideachta phríobháideach ní mór go mbeidh na gnéithe a leanas ag baint léi:

- ní bheidh níos mó ná 99 comhalta (úinéirí) ag an gcuideachta;

¹ Tá liosta d'Achtanna na gCuideachtaí leagtha amach in Aguisín D. Tá liosta iomlán den reachtaíocht a bhaineann le cuideachtaí ar shuíomh idirlín OSFC ag www.osfc.ie.

- beidh scairchaipiteal ag an gcuideachta;
- beidh srianadh ar chearta na gcomhaltaí a scaireanna a aistriú;
- ní thabharfar cuireadh don phobal suibscríobh le haghaidh scaireanna sa chuideachta;
- beidh ar a laghad dhá chomhalta ag cuideachta (féadfar an ceangal seo maidir le híosmhéid a laghdú go comhalta amháin sa chás go bhfuil an chuideachta phríobháideach atá i gceist ina cuideachta theoranta freisin).

Cuideachta ar bith nach bhfuil in ann na critéir thuasluaite a shásamh ní thiocfaidh léi áis a bhaint as na lamháiltais atá ar fáil de ghnáth do chuideachtaí príobháideacha.

Is féidir na foirmeacha a leanas a bheith ag cuideachtaí príobháideacha:

- cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna: sin é an fhoirm is coitianta maidir le struchtúr cuideachta in Éirinn. Tá dliteanas na gcomhaltaí maidir le fiacha na cuideachta theoranta don mhéid a d'aontaigh siad a íoc ar na scaireanna atá acu sa chuideachta. Mar shampla dá mbeadh céad scair ar luach €1 an ceann ag duine i gcuideachta, ní beadh aon dliteanas breise ag an té sin maidir le fiacha na cuideachta a luaithe is a bheadh an €100 íoctha. Is ionann scaireanna na cuideachta ach iad a chomhaireamh i dteannta a chéile agus scairchaipiteal na cuideachta;
- cuideachta theoranta faoi theorainn ráthaíochta a bhfuil scairchaipiteal aici: tá líon sách beag de chuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta a bhfuil scairchaipiteal acu chomh maith. I gcásanna dá leithéid beidh dliteanas na gcomhaltaí theoranta agus ní bheidh orthu ach íoc as na scaireanna a gheall siad a cheannach. Ba chóir a thabhairt faoi deara i gcás cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta nach féidir le cuideachta féachaint chuig an gciste ráthaíochta

ach ag am a foirceanta (is éard is ciall le foirceannadh cuideachta an próiseas trína díscailtear cuideachta);

- cuideachta neamhtheoranta phríobháideach a bhfuil scairchaipiteal aici: is annamh a bhaintear úsáid as an gcineál sin cuideachta mar chuideachta trádála. Beidh dliteanas na gcomhaltaí maidir le fiacha na cuideachta neamhtheoranta;
- cuideachta teoranta phríobháideach aonchomhalta a bhfuil scairchaipiteal aici: maidir leis na cuideachtaí sin nach n-éilítear ach comhalta amháin a bheith acu ní mór dóibh bheith ina gcuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna nó faoi theorainn ráthaíochta².

I gcás cuideachtaí príobháideacha cé is moite de roinnt beag eisceachtaí ní mór go leanfaidh an focal 'Limited' nó 'Teoranta' ainm na cuideachta.

Cuideachta ar bith nach cuideachta phríobháideach í is cuideachta phoiblí í. Mar is amhlaidh le cuideachta phríobháideach féadfaidh cuideachta phoiblí bheith ina cuideachta faoi dhliteanas theoranta nó ina cuideachtaí faoi dhliteanas neamhtheoranta. Féadfaidh cuideachta phoiblí bheith faoi theorainn scaireanna nó faoi theorainn ráthaíochta.

Is féidir na foirmeacha a leanas a bheith ag cuideachta phoiblí:

- cuideachta phoiblí faoi theorainn scaireanna³;
- cuideachta phoiblí faoi theorainn ráthaíochta a bhfuil scairchaipiteal aici;
- cuideachta phoiblí faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici;

2 Pléitear topaic na gcuideachtaí príobháideacha theoranta aonchomhalta in Aguisín F den leabhrán seo.

3 Éilítear faoi Alt 19 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1983 íosmhéid scairchaipiteal leithdháilte de €38,092 a bheith ag cuideachta phoiblí theoranta.

- cuideachta phoiblí neamhtheoranta a bhfuil scairchaipiteal aici;
- cuideachta phoiblí neamhtheoranta nach bhfuil scairchaipiteal aici.

Is féidir formhór mhór na gcuideachtaí in Éirinn a roinnt ina ndá ghrúpa mar atá cuideachtaí poiblí faoi theorainn scaireanna agus cuideachtaí poiblí faoi theorainn ráthaíochta. Éilítear ar chuideachtaí poiblí faoi theorainn scaireanna go mbeadh ‘public limited company’ nó ‘plc’ scríofa i ndiaidh a n-ainmneacha.

2.5 Lamháltais ar fáil do Chuideachtaí Príobháideacha

Tá sé luaite thuas gur féidir le cuideachtaí príobháideacha áis a bhaint as lamháltais áirithe nach bhfuil ar fáil do chuideachtaí poiblí. Pléitear go leor de na lamháltais sin níos deireanaí sa treoir seo. Anseo thíos áfach tá leagtha amach go hachomair na lamháltais atá ar fáil do chuideachtaí príobháideacha:

- féadfaidh siad beith ann agus gan ach comhalta amháin acu, i.e. mar chuideachta phríobháideach theoranta aonchomhalta⁴;
- in imthosca áirithe is féidir leo áis a bhaint as díolúintí áirithe le linn dóibh faisnéis i leith na cuideachta a chomhdú le Cláráitheoir na gCuideachtaí;
- in imthosca áirithe is féidir leo díolúine a fháil ón gceangal iniúchadh a fháil déanta ar a gcuid chuntas.

2.6 Cuideachta a Fhoirmiú

Tugtar ‘corprú’ ar an bpróiseas cuideachta a fhoirmiú. Ní mór doiciméadú agus faisnéis áirithe a chur isteach chuig Cláráitheoir na gCuideachtaí chun cuideachta a fhoirmiú; is é an Cláráitheoir a chláraíonn gach cuideachta a foirmítear sa Stát. Tá sonraí teagmhála CRO le

fáil ina n-iomláine i rannán 4.0 den leabhrán seo – Seoltaí Úsáideacha.

Ar an bhfaisnéis a éilítear áirítear:

- ainm cuideachta féadfaidh an Cláráitheoir diúltú glacadh le hainm molta cuideachta ar roinnt cúiseanna, m.sh. má tá an t-ainm cláráithe cheana nó má mheastar an t-ainm a bheith ionsaitheach;
- dearbhú go rachaidh an cuideachta i mbun gníomhaíochta laistigh den Stát nuair a bheidh sí cláráithe;
- sonraí maidir le cá háit a mbeartaíonn an cuideachta gnó a sheoladh agus Oifig Cláráithe na cuideachta, i.e. cá háit a mbeidh riarachán lárnach na cuideachta ag feidhmiú de ghnáth;
- deimhniú go bhfuil cónaí ag stiúrthóir amháin ar a laghad de chuid na cuideachta i Limistéar Eacnamúil na hEorpa (LEE) (Stáit an AE móide Poblacht na hÍoslainne, Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua). I gcás nach mbeidh cónaí ag stiúrthóir amháin ar a laghad i LEE, éilítear go gcoinneofar banna ar luach €25,395. Cuspóir an bhanna is ea soláthar a dhéanamh d’fhíneálacha nó do phionóis áirithe a d’fhéadfaí a fhorchur de bhrí nach bhfuil dlí na gcuideachtaí agus/nó dlí cánach á chomhlíonadh ag an gcuideachta.
- meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais. Is ionann iadsan agus bunreacht na cuideachta (le haghaidh faisnéise ar na doiciméid sin agus ar an ábhar a éilítear bheith iontu féach rannán 2.7 thíos ina bpléitear Bunreacht Cuideachta);
- Foirm A1 chomhlánaithe atá ar fáil ó Chláráitheoir na gCuideachtaí.

A luaithe a chuirtear an doiciméadú a éilítear in éindí leis an táille cuí chuig Cláráitheoir na gCuideachtaí beidh an chuideachta corpraithe agus eiseoidh an Cláráitheoir Deimhniú Corpraithe. Gheofar breis faisnéise maidir le corprú cuideachta ó Chláráitheoir na gCuideachtaí (suíomh idirlín: www.cro.ie).

⁴ Pléitear topaic na cuideachta príobháidí aonchomhalta in Aguisín F den leabhrán seo.

An bealach eile inar féidir cuideachta a bhunú is ea cuideachta réamhchorpraithe a cheannach ó ghníomhaire foirmithe cuideachta.

Corpraíonn an gníomhaire foirmithe cuideachta cuideachtaí ar an mórchóir agus díolann leis an bpobal ón tseif ansin iad.

2.7. Bunreacht Cuideachta

Ní mór go mbeidh bunreacht i scríbhinn ag gach cuideachta atá comhdhéanta de dhá dhoiciméad mar atá:

- an Meabhrán Comhlachais (the meabhrán), agus;
- Na hAirteagail Chomhlachais (na hairteagail).

Tá tábhacht bhunúsach le meabhráin agus le hairteagail cuideachta sa mhéid is go leagtar amach iontu bunreacht agus rialacha inmheánacha na cuideachta. I gcás go mbeadh coinbhleacht ann idir an dá dhoiciméad beidh tosaíocht ag na meabhráin comhlachais ar na hairteagail comhlachais.

2.7.1 An Meabhrán Comhlachais

Is é an meabhrán an príomhdhoiciméad trína gcuirtear clárú cuideachta i gcrích. Foráiltear in Alt 16 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (Acht na bliana 1963) go mbeidh foirm an mheabhráin faoi réir an fhormaidí ábhartha atá leagtha amach san Acht sin (tá roinnt formáidí leagtha amach ag brath ar chineál na cuideachta). Tá an fhormaidí ábhartha maidir le cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (an fhoirm chuideachta is coitianta) leagtha amach i dTábla B den chéad sceideal d'Acht na bliana 1963. Is féidir le cuideachta tráth a corpraithe an fhormaidí chaighdeánach mheabhráin atá leagtha amach i dTábla B a roghnú nó is féidir léi meabhrán dá cuid féin a dhréachtú.

Tá cúig chláisail éigeantacha de dhíth i meabhrán ar bith. Seo na cláisail mar a leagtar amach i dTábla B iad:

- an clásal ainm: leagtar amach ansan ainm na cuideachta. Tig leis an gCláraitheoir diúltú ainm a chlárú i gcúinsí áirithe m.sh. má tá sé cláraithe cheana féin nó má mheastar é bheith míchuibhiúil.
- clásal na n-aidhmeanna: leagtar amach sa chlásal sin aidhmeanna na cuideachta. Sa chás go dtéann an chuideachta i mbun gníomhaíochtaí ina dhiaidh sin atá taobh amuigh dá bhfuil leagtha amach i gclásal na n-aidhmeanna deirtear go bhfuil sí ag gníomhú *ultra vires* (taobh amuigh dá cumhachtaí). Is féidir leis an páirtí eile do idirbheart aon idirbheart atá *ultra vires* a chur ar neamhní. Ní cheadaítear aidhmeanna mídhleathacha a bheith ag cuideachta;
- an clásal um dhliteanas: sonraítear sa chlásal sin cé acu is cuideachta teoranta faoi dhliteanas atá sa chuideachta nó cuideachta neamhtheoranta faoi dhliteanas;
- an clásal caipitil: leagtar amach sa chlásal sin scairchaipiteal údaráithe na cuideachta, i.e. uasmhéid na scaireanna is féidir leis an chuideachta a eisiúint. Tugtar scairchaipiteal eisithe ar an líon scaireanna atá eisithe iarbhír ag aon am ar leith. Mar shampla d'fhéadfadh sé gur aon milliún scair ar luach €1 an ceann atá sa scairchaipiteal údaráithe ach nach mbeadh sa scairchaipiteal eisithe ach dhá scair ar luach €1 an ceann. Sa sampla sin níor eisigh an chuideachta ach dhá scair ach de bhua an mheabhráin chomhaltais tá sé de chumhacht aici suas le haon milliún scair a eisiúint;
- an clásal comhlachais: tá ráiteas sa chlásal sin ó na daoine a fhoirmíonn an chuideachta ag rá gur mian leo cuideachta a fhoirmiú. Tá a n-ainmneacha, a seoltaí agus líon na scaireanna a ghlac gach duine faoi leith acu ann freisin.

Le go mbeidh sé bailí ní mór go gcuirfeadh i gcló é, go stampálfar é, go síneofar é agus go ndearbhófar é (fianaithe).

2.7.2 Airteagail Chomhlachais

Is ionann na hAirteagail Chomhlachais agus rialacha inmheánacha na cuideachta. Rialaíonn siad an caidreamh idir an chuideachta agus na comhaltaí (úinéirí) agus idir na comhaltaí féin i dteannta a chéile.

Ní mór do chuideachtaí príobháideacha faoi theorainn ráthaíochta a bhfuil scairchaipiteal acu agus do chuideachtaí príobháideacha neamhtheoranta a n-airteagail féin a chlárú le Cláraitheoir na gCuideachtaí. Ní éilítear ar chuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna a n-airteagail a chlárú. Sa chás nach ndéanann siad sin áfach measfar go mbeidh éifeacht go huathoibríoch leis na gnáthairteagail foirme mar a leagtar aach iad i dTábla A den chéad sceideal d'Acht na bliana 1963. Fiú sa chás go gcláraíonn cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna a hairteagail féin beidh feidhm i gcónaí le forálacha Tábla A sa mhéid is nach n-eisiaítear nó nach modhnaítear go sainráite iad in airteagail na cuideachta féin.

Le go mbeidh siad bailí ní mór go mbeidh na hairteagail curtha i gcló, scartha ó chéile i míreanna uimhrithe, stampáilte, agus sínithe ag gach duine a shínigh faoin meabhrán agus dearbhaithe (fianaithe).

Foinntear faoi roinnt ceannteideal airteagail na foirme caighdeánaí atá infheidhme i leith cuideachtaí príobháideacha, ar a n-áirítear mar shampla:

- stiúrthóirí;
- cumhachtaí agus dualgais stiúrthóirí;
- stiúrthóir bainistíochta;
- rúnaí cuideachta;
- cruinnithe⁵;
- vótaí na gcomhaltaí.

⁵ Pléitear topaic na gcruinnithe agus topaic na vótála go mion i Leabhrán Faisnéise 4 – Comhaltaí agus Scairsealbhoirí.

2.8 Stiúrthóirí Cuideachta

Éilítear de réir dlí go mbeidh a laghad dhá stiúrthóir ar gach cuideachta. Is iad na comhaltaí a ainmníonn stiúrthóirí na cuideachta chun an chuideachta a riar ar a son. Bord na stiúrthóirí a thugtar ar na stiúrthóirí i dteannta a chéile. Cé gur féidir le stiúrthóirí bheith ina gcomhaltaí de chuideachta ní éilítear go mbeidh siad ina gcomhaltaí. Breathnaítear go mion ar cheist na stiúrthóirí (ar a n-áirítear a bhfreagrachtaí) i Leabhrán Faisnéise 2 Stiúrthóirí Cuideachta.

2.9 Rúnaí Cuideachta

Éilítear de réir dlí go mbeidh rúnaí cuideachta ar gach cuideachta. Is é príomhról an rúnaí cuideachta a chinntiú go bhfuil oibleagáidí na cuideachta faoi dhlí na gcuideachtaí á gcomhlíonadh. Pléitear ról an rúnaí cuideachta go mion i Leabhrán Faisnéise 3 – Rúnaithe Cuideachta.

2.10 Dualgais Chuideachta

Mar a deirtear thuas is eintitis dhleathacha ar leith iad cuideachtaí. Dá réir sin tá dualgais áirithe orthu faoin dlí. Seo a leanas príomhdhualgais chuideachtaí:

- leabhair chúí chuntas a choinneáil;
- cuntais bhliantúla a ullmhú;
- iniúchadh bliantúil a fháil déanta (faoi réir eisceachtaí);
- cláir áirithe agus doiciméid eile a choinneáil;
- doiciméid áirithe a chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí;
- cruinnithe ginearálta na cuideachta a thionól.

2.10.1 An Dualgas Leabhair Chúí Chuntas a Choinneáil

Faoi Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990 (Acht na bliana 1990) arna leasú ceanglaítear ar gach cuideachta leabhair chúí chuntas a

choinneáil. Maidir le leabhair chúí chuntas ba chóir:

- go ndéanfaí taifead cruinn agus go dtabharfaí míniú beacht iontu ar idirbhearta na cuideachta;
- go bhféadfaí staid airgeadais na cuideachta a dhearbhuí iontu am ar bith go réasúnta cruinn;
- go gcuirfeadh siad ar chumas stiúrthóirí na cuideachta a chinntiú go bhfuil an clár comhardaithe agus an cuntas brabúis agus cailteanais ag comhlíonadh fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí, agus;
- go gcumasódh siad iniúchadh réidh agus cuí ar na cuntais.

Ní mór leabhair chúí chuntas a choinneáil ar bhonn leanúnach agus comhsheasmhach. Is é sin le rá gur chóir go ndéanfaí na hiontrálacha iontu ar mhodh tráthúil agus go mbeadh siad comhsheasmhach ó bhliain go bliain. Is ann don cheangal cuntais a ullmhú ar mhodh comhsheasmhach ó bhliain go chéile chun freastal a dhéanamh do chomparáid idir cuntais a chlúdaíonn tréimhsí difriúla. I gcás nach bhfuil siad go díreach inchomparáide de bhrí mar shampla go bhfuil athrú ar an modh a ullmhaíodh iad (de bharr athrú ar pholasaí cuntasáíocta m.sh.), ba cheart é sin a rá sna cuntais.

Maidir leis na leabhair chuntas foráiltear in Alt 202 d'Acht na bliana 1990 gur cheart go mbeadh iontu:

- iontrálacha ó lá go ló de gach suim airgid a fuair agus a chaith an chuideachta maille le cur síos ar cad leo ar bhain na fáltais agus an caiteachas.
- taifead ar shócmhainní agus ar dhliteanais na cuideachta;
- sa chás go mbaineann gnó na cuideachta le déileálacha in earraí (i.e. stoic);
 - taifead ar na hearraí uile a ceannaíodh agus a díoladh (cé is moite de na hearraí

a díoladh ar airgead tirim tríd an ngnáth-thrádáil mhiondíola) ina léirítear sonraí leordhóthanacha amhlaidh a bhéarfaidh go bhféadfar na hearraí, na díoltóirí agus na ceannaitheoirí a ainmniú agus taifead ar na sonraisc uile a bhaineann lena leithéidí de cheannacháin agus de dhíolacháin, agus;

- ráiteas maidir leis an stoc atá á choinneáil ag an gcuideachta ag deireadh gach bliain airgeadais agus taifid uile na stocáireamh ar a bhfuil ráitis dá leithéid bunaithe;
- sa chás go mbaineann gnó na cuideachta le soláthar seirbhísí, ní mór taifead a choinneáil ar na seirbhísí uile a cuireadh ar fáil agus ar na sonraisc uile a bhain leis na seirbhísí sin.

Ba cheart go gcoinneofaí na leabhair chuntas ag oifig chláraithe na cuideachta nó ag cibé ionaid eile a mheasann na stiúrthóirí a bheith cuí.

Is coir coiriúil a bheidh ann má sháraíonn cuideachta an ceangal leabhair chúí chuntas a choinneáil. De bhreis air sin is coir coiriúil a bheidh ann má chliseann ar aon stiúrthóir cuideachta gach céim réasúnach a ghlacadh chun a chinntiú go gcomhlíonfar an ceangal sin. Uasfhíneáil de €12,700 agus/nó 5 bliana i bpríosún na pionóis ar ciontú.

Is fiú a thabhairt faoi deara freisin sa chás go bhfuil cuideachta á foirceannadh (féach freisin Leabhrán Faisnéise 7 – Leachtaitheoirí) agus nach bhfuil sí in ann a fiacha a íoc agus go bhfuil Alt 202 sáráithe aici (i.e. an ceangal maidir le leabhair chúí chuntas a choinneáil) agus go mbreithníonn an Chúirt gur chuidigh an sárú le héagumas na cuideachta a fiacha a íoc:

- go mbeidh gach oifigeach cuideachta a rinne mainneachtain ciontach i gcion (alt 203), agus;
- gur féidir leis an Chúirt ar iarratas ón leachtaitheoir nó ó aon chreidiúnaí a dhearbhuí go mbeidh duine amháin nó níos mó d'oifigeach nó d'iaroifigigh na

cuideachta faoi dhliteanas pearsanta maidir le fiacha na cuideachta (alt 204).

Tugtar treoir in Aguisín E maidir le híosmhéid na dtaifead cuntais a chaithfidh cuideachtaí a choinneáil.

2.10.2 Dualgas Cuntais Bhliantúla a Ullmhú (Ráitis Airgeadais)

Go ginearálta éilítear ar chuideachtaí cuntais a ullmhú ar bhonn bliantúil. Ullmhófar na cuntais bhliantúla ar bhonn na faisnéise i leabhair chuntas na cuideachta agus ar bhonn faisnéise ábhartha eile nach í. Éilítear go dtabharfar léargas fíorcheart ar chúrsaí na cuideachta sna cuntais sin (ar a dtugtar ráitis airgeadais freisin)⁶; cuimsíonn siad de ghnáth na taifid a leanas, cuid acu a éilítear de réir dlí agus cuid eile acu a éilítear i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta:

- Cuntas brabúis agus cailteanais: Taifeadtar ann ioncam agus caiteachas na cuideachta thar thréimhse áirithe agus léirítear ann an brabús agus an cailteanas a eascraíonn as gníomhaíochtaí na cuideachta;
- Clár comhardaithe: taifead ar shócmhainní agus ar dhliteanas na cuideachta ag pointe ama faoi leith atá ann;
- Ráiteas faoi shreabhadh airgid: is ráiteas é seo maidir leis an sreabhadh airgid isteach sa chuideachta agus leis an sreabhadh amach aisti thar thréimhse ama. Ní ceangal dlíthiúil é ráiteas sreabhadh airgid a chur ar fáil. Is ceangal é de réir caighdeáin chuntasaíochtaí áfach ach ní éilítear é i gcás cuideachtaí ‘beaga’. Leagtar amach in Aguisín A na critéir cháilithe maidir le cuideachta ‘bheag’;
- Nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais: bíonn faisnéis mhionsonraithe iontu

maidir le figiúirí sa cuntas brabúis agus cailteanais, sa chlár comhardaithe nó sa ráiteas faoi shreabhadh airgid m.sh. anailís ar shócmhainní seasta agus ar luachlaghdú, anailís ar fhiigiúir na gcreidiúnaithe etc.;

- Tuarascáil na Stiúrthóirí: tuarascáil do na comhaltaí ó stiúrthóirí na cuideachta atá i gceist leis sin. Pléitear tuarascáil na stiúrthóirí go mion i Leabhrán Faisnéise 2 Stiúrthóirí Cuideachta.

Cuideachtaí ar a n-éilítear ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú éilítear orthu freisin cóip iomlán de na ráitis airgeadais sin a thabhairt do gach comhalta sa chuideachta.

2.10.3 Dualgas Iniúchadh Bliantúil a Fháil Déanta

I ndiaidh do chuideachtaí na ráitis airgeadais a ullmhú bíonn oibleagáid orthu faoin dlí de ghnáth iniúchadh a fháil déanta orthu ar a laghad uair sa bhliain. Is éard atá i gceist le hiniúchadh scrúdú neamhspleách a dhéanann saineolaí neamhspleách (iniúcháir) ar na ráitis airgeadais. I ndiaidh dó an iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais éilítear ar an iniúcháir tuarascáil a chur chuig comhaltaí na cuideachta. Éilítear ar an iniúcháir go nochtfaidh sé tuairim sa tuarascáil sin ar roinnt ábhar ar a n-áirítear mar shampla cé acu an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart nó nach dtugann, agus cé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas is bonn taca leo nó nach bhfuil. Pléitear an t-ábhar a bhíonn i dtuarascálacha na n-iniúcháirí go mion i Leabhrán Faisnéise 5 – Iniúcháirí.

De ghnáth is féidir le cuideachtaí díolúine a fháil ón gceangal iniúchadh bliantúil a fháil déanta a fhad is a chomhlíonann siad coinníollacha áirithe⁷. Seo a leanas na

⁶ Níl an téarma ‘léargas fíorcheart’ sainmhínithe sa dlí. Glactar i gcoitinne mar sin féin go dtabharfaidh sraith de ráitis airgeadais léargas fíorcheart má ullmháitear iad de réir (i) fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí, agus (ii) na gcaighdeáin cuntasaíochta.

⁷ Tá na critéir agus na nósanna imeachta maidir le díolúine ó iniúchadh leagtha amach i gCuid III d’Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2), 1999, arna leasú.

príomhchoinníollacha maidir le díolúine ó iniúchadh agus ní mór gach ceann acu a shásamh:

- ní bheidh láimhdeachas na cuideachta níos mó ná €7.3 milliún⁸;
- ní bheidh iomlán a cláir chomhardaithe níos mó ná €3.65 milliún;
- ní bheidh meánlíon na bhfostaithe níos mó ná 50;
- ní bheidh sí ina gnóthas tuismitheora ná ina gnóthas tánaisteach, i.e. ní bheidh an chuideachta ina úinéir ná ní bheidh sí faoi úinéireacht chuideachta eile, agus;
- beidh an chuideachta chun dáta maidir lena hoibleagáidí doiciméid áirithe a chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí (féach Alt 2.10.5 ‘Dualgas Doiciméid Áirithe a Chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí’).

2.10.4 Dualgas Cláir agus Doiciméid Áirithe eile a Choinneáil

Tá dualgas ar gach cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí cláir agus doiciméid áirithe eile a choinneáil. Seo a leanas liosta díobh:

Clár na gComhaltaí⁹

Éilítear an fhaisnéis a leanas a thaifeadh i gclár na gcomhaltaí:

- ainmneacha na gcomhaltaí;
- seoltaí na gcomhaltaí;
- líon na scaireanna atá i seilbh gach comhalta (i gcás cuideachtaí a bhfuil scairchaipiteal acu);
- an dáta a taifeadh ainm gach duine ar an gclár;
- an dáta ar scoir gach duine de bheith ina comhalta den chuideachta.

Éilítear ar an gcuideachta an áit a gcoinnítear an clár a chur in iúl do Chláraitheoir na gCuideachtaí agus é a chur ar fáil do aon bhall den phobal lena iniúchadh¹⁰. Ní mór de ghnáth an clár a choinneáil ag oifig chláraithe na cuideachta. Féadfar é a choinneáil in áit eile (ach gan é a ligean amach ón Stát) chun críche uasdhátaithe etc.

Clár na Stiúrthóirí agus na Rúnaithe¹¹

Éilítear an fhaisnéis a leanas maidir le gach duine de stiúrthóirí na cuideachta a bheith sa chlár sin:

- dáta breithe;
- seoladh;
- náisiúntacht;
- slí bheatha;
- sonraí aon stiúrthóireachtaí eile atá ag an stiúrthóir.

Éilítear an fhaisnéis a leanas a bheith sa chlár maidir le rúnaí na cuideachta:

- ainm;
- seoladh;
- i gcás gur cuideachta atá sa rúnaí, sonraí maidir lena hainm agus lena seoladh cláraithe.

Éilítear ar an gcuideachta an clár a chur ar fáil d’aon bhall den phobal lena iniúchadh.

Clár Leasanna na Stiúrthóirí agus na Rúnaithe¹²

Maidir le gach stiúrthóir agus rúnaí cuideachta éilítear go léireofar sa chlár sin líon, cur síos agus méid aon scaireanna nó bintiúr atá acu:

- sa chuideachta;
- i gcuideachta shealbháíochta na cuideachta, i.e. sa chuideachta thuismitheora;

⁸ Ciallaíonn an téarma ‘láimhdeachas’ ioncam cuideachta ón bpríomhoibriúchán aici (i.e. díolachán de ghnáth) ar leith ó CBL. Cuirfear as an áireamh ioncam a leithéid ús bainc a fuarthas, díbhinní a fuarthas etc.

⁹ Alt 116 d’Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

¹⁰ Alt 119 d’Acht na gCuideachtaí, 1963.

¹¹ Alt 195 d’Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

¹² Alt 190 d’Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

- i bhfochuideachta na cuideachta, i.e. cuideachta ar leis an gcuideachta í;
- i bhfochuideachta eile na cuideachta, i.e. comhchuideachta.

Éilítear ar an gcuideachta an clár a chur ar fáil d'aon chomhalta nó d'aon bhintiúrach lena iniúchadh.

Clár Sealbhóirí Bintiúir¹³

I dtéarmaí ginearálta is ionann bintiúir agus iasacht a thugtar do chuideachta i bhfoirm scríbhinne. Éilítear ar gach cuideachta a eisíonn bintiúir clár a choinneáil de shealbhóirí na mbintiúrach. Éilítear sonraí maidir le hainm agus le seoladh gach bintiúraigh agus maidir le méid na mbintiúir atá ina sheilbh aige a bheith sa chlár sin. Éilítear ar an gcuideachta an áit a gcoinnítear an clár a chur in iúl do Chláraitheoir na gCuideachtaí agus é a chur ar fáil do aon bhall den phobal lena iniúchadh.

Leabhair Mhiontuairisce¹⁴

Éilítear ar gach cuideachta leabhar miontuairisce a choinneáil ina mbeidh taifead d'imeachtaí uile na gcruinnithe ginearálta¹⁵, na gcruinnithe boird agus na gcruinnithe fochoiste boird. Ba cheart go mbeadh cruinneas miontuairiscí gach cruinnithe dearbhaithe de bhíthin shíniúchán chathaoirleach bhord na stiúrthóirí.

Éilítear go gcoinneofar miontuairiscí ar imeachtaí aon chruinniú ginearálta ag oifig chláraithe na cuideachta agus go gcuirfear ar fáil d'aon chomhalta den chuideachta iad lena n-iniúchadh.

Cé nach bhforordaítear in Achtanna na gCuideachtaí an fhaisnéis ba chóir a bheith sna miontuairiscí, tá leagtha amach in

Aguisín C chun críche léiriúcháin na cineálacha faisnéise ba cheart a chur sna miontuairiscí de réir dea-chleachtais.

Conarthaí Seirbhíse Stiúrthóirí¹⁶

Éilítear ar chuideachtaí go gcoinneoidh siad faisnéis áirithe maidir le conarthaí seirbhíse stiúrthóirí (i.e. conarthaí fostaíochta stiúrthóirí). Seo a leanas na ceangail:

- i gcás stiúrthóra a bhfuil a chonradh seirbhíse i scríbhinn, cóip den chonradh;
- i gcás stiúrthóra nach bhfuil a chonradh seirbhíse i scríbhinn, meabhrán scríofa ina leagfar amach téarmaí an chonartha;
- i gcás gach stiúrthóra atá fostaithe faoi chonradh seirbhíse le fochuideachta na cuideachta, meabhrán scríofa ina leagfar amach téarmaí an chonartha;

Éilítear ar an gcuideachta an áit a gcoinneofar na doiciméid sin a chur in iúl do Chláraitheoir na gCuideachtaí agus iad a chur ar fáil do aon chomhalta den chuideachta lena n-iniúchadh.

Ionstraim a bhunaíonn Muirir maidir le Maoin Sealbhais Cuideachtaí¹⁷

Éilítear ar chuideachtaí cóipeanna de gach ionstraim a bhunaíonn muirir maidir le maoin sealbhais na cuideachta a choinneáil ina n-oifigí cláraithe. Bunaítear muirear sa chás go bhfaigheann an chuideachta iasacht agus go dtairgtear sócmhainní áirithe na cuideachta mar dheimhneacht dhlíthiúil in aghaidh na hiasachta, m.sh. morgáiste. Ní mór gach muirear a chlárú le Cláraitheoir na gCuideachtaí¹⁸. Éilítear go gcuirfear cóipeanna de na doiciméid sin ar fáil d'aon chomhalta nó d'aon chreidiúnaí na cuideachta lena n-iniúchadh¹⁹.

¹³ Alt 91 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

¹⁴ Alt 145 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

¹⁵ Pléitear ábhair na gcruinnithe ginearálta go mion i Leabhrán Faisnéise 4 – Comhaltaí agus Scairsealbhóirí

¹⁶ Alt 50 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

¹⁷ Alt 109 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

¹⁸ Alt 99 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 arna leasú.

¹⁹ Alt 110 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Conarthaí maidir le Ceannach Scaireanna Dílse²⁰

Éilítear ar gach cuideachta a dhéanann Conradh chun a scaireanna dílse a cheannach cóip den chonradh a choinneáil ag a hoifig chláráithe nó meabhrán de théarmaí an idirbhirt sa chás nach bhfuil an Conradh i scríbhinn. Éilítear ar an gcuideachta na doiciméid sin a chur ar fáil do gach comhalta den chuideachta lena n-iniúchadh agus más cuideachta phoiblí theoranta atá inti do aon bhall den phobal.

Clár Leasanna Pearsana ina Scaireanna (baineann sin le cuideachtaí poiblí theoranta amháin)²¹

Aon duine a fhaigheann leas de níos mó ná 5% de na scaireanna i gcuideachta phoiblí theoranta éilítear air é sin a fhógairt don chuideachta. Tá oibleagáid chomhfhreagrach ar gach cuideachta theoranta phoiblí clár a choinneáil ina mbeidh sonraí na bhfógraí sin.

2.10.5 Dualgas Doiciméid Áirithe a Chomhdú le Cláráitheoir na gCuideachtaí

Tá ceangal dlíthiúil ar chuideachtaí doiciméid áirithe a chomhdú le Cláráitheoir na gCuideachtaí. Éilítear ar gach cuideachta cuid acu sin a chomhdú, m.sh. an tuairisceán bliantúil ach ní éilítear ceanna eile a chomhdú ach in imthosca áirithe m.sh. i gcás bás stiúrthóra. Go stairiúil chláráití na doiciméad sin i gcóip chrua. Tá an Cláráitheoir ag aistriú áfach go córas trína mbeifear in ann na doiciméid a chomhdú go leictreonach freisin. Tá faisnéis bhreise ar chlárú leictreonach ar fáil ag suíomh idirlín an Cláráitheora (www.cro.ie).

A thúsce a chlárófar leis an gCláráitheoir iad is doiciméid poiblí a bheidh iontu agus beidh cead ag gach ball den phobal iad a iniúchadh ag Oifig Chláráitheoir na gCuideachtaí. Tá leagtha amach thíos liosta de na doiciméid is coitianta

a n-éilítear iad a chomhdú leis an gCláráitheoir. Déantar tagairt in áiteanna eile sa treoir seo más ábhartha do dhoiciméid eile nach n-éilítear iad a chomhdú ach in imthosca sonracha.

Doiciméid is coitianta a n-éilítear iad a chomhdú leis an gCláráitheoir

- Tuairisceán bliantúil (féach Aguisín A);
- Athrú oifig chláráithe;
- Fógra maidir le méadú ar chaipiteal ainmniúil (údaraithe);
- Athrú stiúrthóra agus/nó rúnaí nó athrú ar a sonraí;
- Dearbhú go bhfuil duine scortha de bheith ina stiúrthóir nó ina rúnaí;
- Fógra go bhfuil duine i seilbh oifig stiúrthóra nó rúnaí básaithe;
- Ainmniúchán dáta nua tuairisceáin bhliantúil (féach Aguisín B);
- Fógra maidir le bunú morgáiste nó muirir;
- Meabhrán cúiteamh muirir;
- Gnáthrún (féach Leabhrán Faisnéise 4 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí le haghaidh tuilleadh faisnéise).

2.10.6 Dualgas Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta a Thionól

Éilítear ar gach cuideachta cé is moite de chuideachta phríobháideach theoranta aonchomhalta cruinniú ginearálta bliantúil a thionól (CGB). Éilítear ar chuideachtaí freisin in imthosca áirithe cruinnithe ginearálta urghnácha a thionól (CGUnna). De bhrí gur cruinnithe de chomhaltaí na cuideachta atá iontu pléitear an topaic seo go mion i Leabhrán Faisnéise 4 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí.

²⁰ Alt 222 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

²¹ Alt 80 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

2.11 Cumhachtaí Cuideachtaí

Mar a luaitear thuas tá leagtha amach i meabhrán comhaltais na cuideachta na haidhmeanna agus na cumhachtaí sainráite atá aici. Tá cumhachtaí intuigthe ag an gcuideachta freisin chun rudaí a dhéanamh atá coimhdeach lena haidhmeanna. Sa chás go ndéanann cuideachta idirbheart nach gcuireann na haidhmeanna aici chun cinn deirtear go bhfuil an t-idirbheart sin *'ultra vires'*, is é sin le rá go bhfuil sé taobh amuigh de chumas na cuideachta.

De ghnáth tá idirbheart *ultra vires* ar neamhní agus neamh-infheidhmithe. Ach sa chás go ndéileálann páirtí le cuideachta agus nach bhfuil an té sin feasach faoi go bhfuil gníomhaíocht na cuideachta taobh amuigh dá cumas, beidh an ghníomhaíocht éifeachtach i bhfabhar an duine a chuireann muinín inti. Beidh an stiúrthóir nó an t-oifigeach atá freagrach as an ngníomhaíocht *ultra vires* faoi dhliteanas ag an gcuideachta maidir le haon chailteanas nó aon damáiste is toradh air a dhéanann dochar don chuideachta. Ina theannta sin sa chás go ndéileálann duine le cuideachta faoi dhliteanas teoranta de mheon macánta, measfar go mbeidh aon idirbheart a dhéanann an chuideachta taobh istigh de chumas na cuideachta.

3.0 Pionóis faoi Achtanna na gCuideachtaí

3.1 Pionóis maidir le Coireanna Coiriúla

Pionóis a Fhorchuireann Cúirt

Foráiltear do dhá chineál ciona coiriúil faoi Achtanna na gCuideachtaí, cion achomair agus cion indíotáilte. De ghnáth ní mheastar cion achomair a bheith an-tromchúiseach agus triailtear os comhair breithimh sa Chúirt Dúiche é gan giúiré. Is gnách go meastar cionta indíotáilte a bheith níos tromchúisí. Is féidir cionta indíotáilte a thriail ar an modh céanna a dtraiiltear cionta achoimre, is é sin os comhair breithimh sa Chúirt Dúiche gan giúiré. Tá de dhifríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte áfach gur féidir cionta indíotáilte, as siocair a thromchúisí is atá siad a thriail sa Chúirt Chuarda chomh maith, is é sin le rá os comhair breithimh agus giúiré. Má théitear an bealach sin deirtear go n-ionchúisítear an cion indíotáilte ar díotáil. I gcás go n-ionchúisítear cion ar díotáil, beidh na pionóis dá bhforáiltear faoin dlí ar ciontú i bhfad níos déine de ghnáth ná mar bheadh siad dá mba rud é go n-ionchúisítí an cion go hachomair.

Maidir le gnáth-uaspionós ar ciontú:

- i gcás cion achomair faoi Achtanna na gCuideachtaí, €1,904 agus/nó téarma príosúnachta 12 mhí, agus;
- i gcás cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí, €12,697 agus/nó téarma príosúnachta 5 bliana.

Ach foráiltear faoi Achtanna na gCuideachtaí freisin do phionóis i bhfad níos déine maidir le cionta áirithe, m.sh. trádáil chalaoiseach (€63,487 agus/nó téarma príosúnachta 7 mbliana ar ciontú ar indíotáilte) agus mí-úsáid mhargaidh (€10 milliún agus/nó téarma príosúnachta 10 mbliana ar ciontú ar indíotáilte).

3.2 Pionóis Shibhialta

Dícháilichán

I dteannta fineálacha agus pionóis foráiltear do bhearta sriantacha eile freisin faoi na hAchtanna. Daoine a chiontaítear ar díotáil i gcion indíotáilte a bhaineann le cuideachta nó a bhfuil calaois nó mí-ionracas ag roinnt leis dícháilítear iad go huathoibríoch chun gníomhú mar stiúrthóirí/oifigigh cuideachta (féach Aguisín B le Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta).

Chomh maith leis sin tig leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas ar dhícháiliúchán a chur chuig na Cúirteanna maidir le duine ar bith:

- atá ciontach i gcion amháin nó níos mó a bhaineann le loiceadh leabhair chuí chuntas a choinneáil, nó;
- atá ciontach i dtrí mhainneachtain nó níos mó faoi Achtanna na gCuideachtaí.

Srianadh

Beidh na forálacha a bhaineann le srianadh stiúrthóirí cuideachta infheidhme i leith cuideachtaí dócmhainneacha nach bhfuil in ann a bhfiacha a íoc de réir mar a bheidh a ré istigh. Sa chás go bhfuil cuideachta a chuirfear faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht²² dócmhainneach, cuirfear srianadh ar feadh tréimhse suas go 5 bliana ar aon stiúrthóir den chuideachta a gcliseann air/uirthi a chruthú don Ard-Chúirt gur ghníomhaigh sé nó sí go macánta agus go freagrach.

Cuireann srianadh dá leithéid cosc ar dhuine ó bheith ina stiúrthóir nó ina rúnaí nó ó bheith páirteach i bhfoirmiú nó i gcur chun cinn aon chuideachta mura bhfuil sí caipitlithe go leordhóthanach. I gcás cuideachta phríobháideach is é €63,487 i scairchaipiteal leithroinnte íochta an riachtanas caipitil, agus i gcás cuideachta phoiblí is é €317,435 é. Beidh cuideachta dá leithéid faoi réir rialacha níos déine freisin maidir le cothabháil chaipitil. Pléitear topaic an srianta go mion in Aguisín B le Leabhrán Faisnéise 2 – Rúnaithe Cuideachta.

Baint de Chlár na gCuideachta

I gcás loiceadh cuideachta oibleagáidí dlíthiúla áirithe atá uirthi a chomhlíonadh, m.sh. má chliseann uirthi tuairisceán bliantúil a chomhdú le Cláráitheoir na gCuideachtaí, tig leis an gCláráitheoir an chuideachta a bhaint de Chlár na gCuideachtaí.

I gcás go mbainfear cuideachta den chlár aistrefar sócmhainní na cuideachta go huathoibríoch chuig an Stát. Fanfaidh an chuideachta faoi úinéireacht an Stáit go dtí go gcuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár. A fhad is a bheidh sí bainte den chlár beidh gach stiúrthóir, oifigeach agus comhalta den chuideachta faoi dhliteanas i gcónaí agus féadfar an dliteanas sin a fhorfheidhmiú amhlaidh a dhéanfaí murar díscáileadh an chuideachta²³.

Pléitear na nósanna imeachta is inleanta chun cuideachta a chur ar ais ar an gclár in Aguisín A.

²² Is é an fheidhm atá ag leachtaitheoir sócmhainní na cuideachta a bhailiú agus a réadú, fiacha na cuideachta a ghlánadh, aon fharasbarr atá fágtha a dháileadh, cúrsaí na cuideachta a imscrúdú agus an chuideachta a díscáileadh de réir an dlí. Is é feidhm an ghlacadóra sócmhainní áirithe na cuideachta a dhiúscairt d'fhonn fiach a aisíoc do chreidiúnaí m.sh. do bhanc. Féach Leabhrán Faisnéise 7 – le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi leachtaitheoirí.

²³ Alt 12B(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú).

4.0 Seoltaí Úsáideacha

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
Teil: 01 858 5800
Suíomh Idirlín: www.osfc.ie

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

14 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
&
Bóthar Uí Bhriain
Ceatharlach
Teil: 01 804 5200
Suíomh Idirlín: www.cro.ie

Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Sráid Cill Dara
Baile Átha Cliath 2
Teil: 01 631 2121
Suíomh Idirlín: www.djei.ie

Grúpa Athbhreithnithe um Dhlí na gCuideachtaí

Lárionad Phort an Iarla
Sráid Hatch Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
Teil: 01 631 2763
Suíomh Idirlín: www.clrg.org

Basis

Rochtain Gnó ar Fhaisnéis agus ar Sheirbhísí Stáit
Suíomh Idirlín: www.basis.ie

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Teach Willow
Páirc na Mílaoise
An Nás
Co. Cill Dara
Teil: 045 983600
Suíomh idirlín: www.iaasa.ie

Aguisín A

An Tuairisceán Bliantúil (Foirm B1)

Réamhrá

Tá dualgas ar gach cuideachta tuairisceán bliantúil a chur isteach chuig Cláráitheoir na gCuideachtaí ar bhonn bliantúil. Ina theannta sin ba cheart faisnéis áirithe eile a cheangal leis an dtuairisceán bliantúil.

Éilítear go gclúdóidh an tuairisceán bliantúil tréimhse go dáta nach déanaí ná ‘dáta tuairisceáin bhliantúil’ na cuideachta. Pléitear an dáta tuairisceáin bhliantúil agus an chaoi a gcinntear é ar mhodh achomair in Aguisín B. Tá breis faisnéise ar fáil ó Chláráitheoir na gCuideachtaí (www.cro.ie).

Ní mór de ghnáth an tuairisceán bliantúil a chur chuig an gCláráitheoir ar dháta nach déanaí ná 28 lá ón dáta tuairisceáin bhliantúil. I gcás go gcliseann ar chuideachta é sin a dhéanamh beidh gach oifigeach na cuideachta (ar a n-áirítear gach stiúrthóir) a rinne mainneachtain agus aon duine eile ar ghnáth do stiúrthóirí na cuideachta bheith ag gníomhú faoi réir a threoracha nó a theagasc agus a bhfuil an mhainneachtain inchurtha i leith a threoracha nó a neamhghníomhartha, ag sárú a fhreagrachtaí faoi Achtanna na gCuideachtaí.

Ar na pionóis a ghearrfar mar gheall ar loiceadh tuairisceán bliantúil a chomhdú nó mar gheall ar chlárú ródheireanach, áirítear fíneálacha de bharr clárú ródheireanach, ionchúiseamh agus bheith bainte de chlár na gcuideachtaí. I gcás go mbainfear cuideachta den chlár i ngeall ar loiceadh tuairisceán bliantúil a chomhdú beidh an dliteanas má tá dliteanas ann ar gach stiúrthóir, oifigeach agus comhalta na cuideachta i gcónaí agus féadfar an dliteanas sin a fhorfheidhmiú amhail is nach raibh an cuideachta díscailte²⁴.

Más éagóir le haon chomhalta, oifigeach nó creidiúnaí na cuideachta go bhfuil an chuideachta bainte den chlár féadfaidh an té sin iarratas a chur chuig Cláráitheoir na gCuideachtaí an chuideachta a chur ar ais ar an gClár taobh istigh de 12 mhí ón dáta ar baineadh de í. A luaithe a bheidh an Cláráitheoir sásta go bhfuil na doiciméad uile nach raibh curtha isteach comhdaithe agus go bhfuil na táillí uile a bhí fós le híoc íoctha féadfaidh sé an chuideachta a chur ar ais ar an gclár²⁵. I gcás go gcuireann an Cláráitheoir an chuideachta ar ais ar an gclár measfar go raibh an chuideachta ann i gcónaí amhail is murar baineadh den chlár riamh í.

Tar éis na tréimhse 12 mhí dá dtagraítear thuas a bheith i gcrích is féidir le haon chomhalta, oifigeach nó chreidiúnaí na cuideachta iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt an chuideachta a chur ar ais ar an gclár (ar an gcoinníoll go ndéantar an t-iarratas taobh istigh de 20 bliain ón dáta ar baineadh den chlár í). I gcás go bhfuil an Chúirt sásta go mbeadh sé ceart an chuideachta a chur ar ais ar an gclár measfar go raibh an chuideachta ann i gcónaí amhail is murar baineadh den chlár riamh í. Ach is féidir leis an gCúirt a ordú freisin má mheasann sí é bheith cuí go mbeidh na hoifigigh, nó duine ar bith díobh, faoi dhliteanas pearsanta maidir le haon fhiach a thabhaigh an chuideachta le linn di bheith bainte den chlár²⁶.

Maidir le Cuideachtaí Bainistithe Maoine Sealbhais chuir an tAcht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011 síneadh go 6 bliana leis an bhfráma ama atá infheidhme maidir le cuideachtaí a chur ar ais ar Chlár na gCuideachtaí²⁷.

²⁴ Alt 12B d’Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 arna leasú.

²⁵ Alt 12C(1) d’Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 arna leasú.

²⁶ Alt 12(B)(4) d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982.

²⁷ Féadfaidh ceangail riaracháin eile bheith infheidhme ina leithéidí de chásanna. Tá breis faisnéise maidir leis sin ar fáil ó Oifig Chláráitheoir na gCuideachtaí, www.cro.ie. Níl an tAcht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011 ina chuid de Acht na gCuideachtaí agus dá bhrí sin níl aon ról ag OSFC maidir le haon chuid den Acht sin a fhorfheidhmiú.

Faisnéis a Éilítear sa Tuairisceán Bliantúil

Ní mór an fhaisnéis a leanas a chur ar fáil do Chláraitheoir na gCuideachtaí i dtuairisceán bhliantúla chuideachtaí:

- Ainm na cuideachta;
- Uimhir chláraithe na cuideachta (cuireann an Cláraitheoir an uimhir seo ar fáil ag am corpraithe);
- An dáta tuairisceáin sonraithe (is é sin an dáta is críoch don tréimhse a chlúdaítear sa tuairisceán bliantúil);
- An bhliain airgeadais atá clúdaithe ag an tuairisceán;
- Seoladh na hoifige cláraithe;
- Seoltaí eile (de dhíth más rud é nach gcoinnítear na cláir reachtúla san oifig cláraithe);
- Ainm agus seoladh rúnaí na cuideachta;
- Sonraí aon bhronntanas polaitiúla a rinne an chuideachta;
- Scairchaipiteal údaraithe*;
- Scairchaipiteal eisithe*;
- Anailís ar scairchaipiteal eisithe idir scaireanna ar íocadh astu in airgead tirim agus scaireanna ar íocadh astu ar bhealaí eile seachas in airgead tirim*;
- Liosta na gcomhaltaí*;
- Liosta na ndaoine atá éirithe as bheith ina gcomhaltaí ó dháta an tuairisceáin bhliantúil dheireanaigh*;
- Sonraí na scaireanna aistrithe ó dháta an tuairisceáin bhliantúil dheireanaigh*;
- Ainmneacha stiúrthóirí;
- Dátaí breithe stiúrthóirí;
- Seoltaí stiúrthóirí;
- Slite beatha stiúrthóirí;
- Sonraí stiúrthóireachtaí eile stiúrthóirí.

** Ní theastaíonn ach i gcás cuideachtaí a bhfuil scairchaipiteal acu*

Faisnéis a nÉilítear a Ceangail leis an Tuairisceán Bliantúil

Ní mór an fhaisnéis a leanas a cheangal le tuairisceán bliantúil cuideachtaí:

- Cuntas Brabúis agus Caillteanais (ach breathnaigh díolúine ó chlárú thíos);
- Clár Comhardaithe (ach breathnaigh díolúine ó chlárú thíos);
- Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ach breathnaigh díolúine ó chlárú thíos);
- Tuarascáil stiúrthóirí (ach breathnaigh díolúine ó chlárú thíos);
- Tuarascáil iniúchóra (ach amháin sa chás go mbaineann an chuideachta áis as díolúine ó iniúchadh);
- Deimhniúchán go bhfuil na ráitis airgeadais agus an tuarascáil iniúchóra a cuireadh isteach ina fhíorchóipeanna díobh sin a cuireadh faoi bhráid chomhaltaí na cuideachta.

Díolúine ó Chlárú atá ar fáil do Chuideachtaí 'Beaga' agus 'Meánmhéide'

Beidh díolúine ar fáil do chuideachtaí phríobháideacha áirithe trína mbeidh siad saor ón gceangal gach a bhfuil luaithe thuas a chur ar fáil²⁸. Beidh an díolúine sin infheidhme i leith cuideachtaí príobháideacha a cháilíonn mar chuideachtaí 'beaga' nó mar chuideachtaí 'meánmhéide'.

Cuideachta Bheag²⁹

Le go gcáileoidh sí mar chuideachta bheag ní mór do chuideachta dhá cheann de na trí chritéar a leanas a shásamh:

²⁸ Ailt 8, 10, 11 agus 12 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986.

²⁹ Nóta: tá difear idir na critéir cháilithe maidir le 'Cuideachta Beag' chun na críocha sin agus iadsan a bhaineann leis an díolúine ó iniúchadh i gcás cuideachta bheag.

- Láimhdeachas gan bheith níos mó ná €3.809m;
- Iomlán an chláir chomhardaithe gan bheith níos mó ná €1.905m;
- Meánlíon na bhfostaithe gan bheith níos mó ná 50.

Ní éilítear ar chuideachtaí a cháilíonn mar chuideachtaí beaga cuntas brabúis agus cailteanais a cheangal le Tuarascáil stiúrthóirí nó leis an tuairisceán bliantúil. Ina theannta sin in áit an éilimh clár comhardaithe iomlán a chomhdú féadfaidh an chuideachta clár comhardaithe giorraithe a chomhdú. Ar an dóigh chéanna ní éilítear ach go mbeadh nótaí áirithe ag gabháil leis na ráitis airgeadais a chláraíonn cuideachtaí beaga.

Cuideachta Mheánmhéide

Le go gcáileoidh sí mar chuideachta mheánmhéide ní mór do chuideachta dhá cheann de na trí chritéar a leanas a shásamh:

- Láimhdeachas gan bheith níos mó ná €15.237m;
- Iomlán an chláir chomhardaithe gan bheith níos mó ná €7.618m;
- Meánlíon na bhfostaithe gan bheith níos mó ná 250.

Ní éilítear ar chuideachtaí a cháilíonn mar chuideachtaí meánmhéide cuntas brabúis agus cailteanais agus clár comhardaithe iomlán a chomhdú in éindí leis an tuairisceán bliantúil. Ina n-áit is féidir leo leagan giorraithe de gach ceann acu a chomhdú. Tig le cuideachtaí meánmhéide áis a bhaint as díolúine áirithe freisin maidir le clárúchán na nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais.

Aguisín B

Dáta Tuairisceáin Bhliantúil

Réamhrá

Achoimre gearr atá sa mhéid a leanas ar na príomhfhorálacha a bhaineann leis an Dáta Tuairisceáin Bhliantúil. Má tá breis faisnéise de dhíth ort faoin ábhar tá roinnt bileoga faisnéise cuimsitheacha foilsithe ag Cláráitheoir na gCuideachtaí faoin ábhar. Tá na bileoga sin ar fáil ó Oifig Chláráitheoir na gCuideachtaí (CRO) agus tá fáil orthu ag suíomh idirlín CRO (www.cro.ie) chomh maith. Tá sonraí teagmhála CRO leagtha amach ina n-iomláine i rannán 4.0 den leabhrán seo.

Dáta Tuairisceáin Bhliantúil a Shocrú

Tugadh isteach an coincheap Dáta Tuairisceáin Bhliantúil (DTB) san Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001. Leagtar amach i gCuid 6 den Acht sin an chaoi a chinntear DTB na cuideachta.

Chun DTB na cuideachta a chinneadh is gá idirdhealú a dhéanamh idir cuideachtaí a corpraíodh roimh 1 Márta 2002 agus iadsan a corpraíodh ar nó i ndiaidh an dáta sin.

Cuideachtaí a corpraíodh roimh 1 Márta 2002

- I gcás gur chláraigh an chuideachta tuairisceán bliantúil leis an gCláráitheoir cheana féin is ionann DTB na cuideachta sin agus cothrom bliana an dáta is críoch do thréimhse an tuairisceáin bhliantúil is deireanaí.

- I gcás nár chláraigh an chuideachta tuairisceán bliantúil leis an gCláráitheoir cheana is ionann DTB na cuideachta sin agus an chéad lá tar éis 1 Márta 2002 atá sé mhí tar éis cothrom bliana dháta a corpraithe.
- Is ionann DTBanna ina dhiaidh sin agus cothrom dháta an chéad DTB.

Cuideachtaí a corpraíodh roimh 1 Márta 2002

- Sna chásanna sin meastar an DTB a bheith sé mhí i ndiaidh dháta an chorpraithe. Ní éilítear go gceanglófar aon chuntais leis an gcéad tuairisceán bliantúil cuideachta ar nó i ndiaidh 1 Márta 2002.
- Is ionann DTBanna ina dhiaidh sin agus cothrom dháta an chéad DTB.

Athrú ar an DTB

Tig le cuideachta an DTB a athrú más mian léi faoi réir teorainneacha áirithe.

- Más mian le cuideachta dáta níos luaithe ná an DTB leithdháilte a shocrú tig léi é sin a dhéanamh. Déantar sin tríd an tuairisceán bliantúil a dhéanamh suas go dáta nach déanaí ná 14 lá roimh an DTB leithdháilte. Sa chás go roghnaíonn an chuideachta an rogha sin ba cheart an tuairisceán bliantúil a chomhdú leis an gCláráitheoir nach déanaí ná 28 lá i ndiaidh an dáta is críoch do thréimhse an tuairisceáin.
- Más mian le cuideachta an DTB leithdháilte a chur siar go dáta níos deireanaí tig léi é sin a dhéanamh. Déanfar sin:
 - trí thuairisceán bliantúil a chomhdú leis an gCláráitheoir nach déanaí ná 28 lá i ndiaidh an DTB leithdháilte, agus;
 - tríd an DTB nua atá roghnaithe aici (nach féidir bheith níos mó ná sé mhí i ndiaidh an DTB leithdháilte) a chur in iúl don Chláráitheoir.

Aguisín C

Foirm Léirithe agus Ábhar na Miontuairiscí

Éilítear faoi Alt 145 d’Acht na gCuideachtaí, 1963 go gcoinneoidh cuideachtaí miontuairiscí ar chruinnithe ginearálta agus ar na himeachtaí uile ag cruinnithe dá stiúrtóirí agus dá coistí³⁰. Is cion é má loiceann ar chuideachta (agus ar a stiúrtóirí) miontuairiscí cuí a choinneáil.

Ní shonraítear in Alt 145 an fhaisnéis ba cheart a thaifeadadh sna miontuairiscí sin. Ba chóir áfach go léireodh na miontuairiscí go beacht a bhfuil tarlaithe ag cruinniú. Dá réir sin moltar an fhaisnéis a leanas ar a laghad a thaifeadadh sna miontuairiscí.

Cruinnithe Boird agus Cruinnithe Fochóistí Boird

- dáta, am agus ionad an chruinnithe;
- Ainmneacha na stiúrtóirí agus na rúnaithe i láthair;
- Daoine a bhfuarthas leithscéalta uathu mar gheall ar neamhábaltacht bheith i láthair;

30 Is cleachtas coitianta é i gcás boird stiúrtóirí cuideachtaí móra breithniúchán ar ábhair áirithe a tharmligeann d’fhochoistí an bhoird. Ba cheart do na fochoistí sin, de réir dea-chleachtas, téarmaí tagartha i scríbhinn a fháil ó bhord na stiúrtóirí (uaireanta tagraítear do na téarmaí tagartha sin mar ‘Chairteanna’). Is faoin mbord féin a bheidh sé a mhínic a thuairisceoidh fochoistí don bhord iomlán a shocrú. Cé nach riachtanais dhlíthiúla iad na fochoistí boird, éilítear ar chuideachtaí áirithe, m.sh. iadsan atá liostaithe ar an Stocmhargadh cóid dea-chleachtas Rialacháin Chorporáidigh faoina bhfuil fochoistí riachtanach a chomhlíonadh. Áirítear mar shamplaí dá leithéidí d’fhochoistí Coistí Iniúchta (ar a bhfágtar *inter alia* an cúram tuarascálacha iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha a bhreithniú) agus Coistí Luach Saothair (ar a bhfágtar an cúram leibhéil chuí luach saothair le haghaidh feidhmeannaigh shinsearacha, m.sh. an Príomhoifigeach Feidhmeannach a shocrú).

- Ainm an Chathaoirligh ag an gcruinniú;
- Ainmneacha na ndaoine i láthair agus an cháil ina raibh siad ag freastal³¹;
- Faomhadh mhiontuairiscí na gcruinnithe a chuaigh roimhe agus aon cheartúcháin a iarradh;
- Sonraí aon doiciméad nó páipéar a cuireadh ar bord an chruinnithe lena mbreithniú ar a n-áirítear teideal agus údar aon doiciméid dá leithéid (de ghnáth cuirtear doiciméid dá leithéid i gcúrsaíocht chun tosaigh ar chruinniú d’fhonn deis a thabhairt do stiúrtóirí iad a bhreithniú);
- Sonraí aon mholadh a cuireadh faoi bhráid an bhoird le haghaidh vótála, ainmneacha na ndaoine a chuir an moladh ar aghaidh agus iadsan a chuidigh leis;
- Sonraí aon choinbhleachtaí leasa a chuir stiúrtóirí in iúl agus cibé acu mar shampla ar staon siad ó bheith rannpháirteach sa phlé, nó ar staon siad ó aon vótáil nó ar imigh siad as láthair an chruinnithe d’fhonn plé a dhéanamh faoin ábhar nó nach ndearna;
- Ba cheart na tuairimí a nochtaigh gach duine a raibh pointe á dhéanamh aige sa phlé a thaifeadadh; Cé gur féidir leis na miontuairiscí achoimriú a dhéanamh de na pointí a rinneadh ba cheart go léireofaí substaint na bpointí a rinneadh go

31 Is gnách ag gach cruinniú seachas ag na ceanna is simplí, go n-éilíonn na stiúrtóirí faisnéisiú maidir le ceisteanna áirithe chun cuidiú leo sa chinnteoireacht. D’fhéadfadh sé go gcuirfeadh mar shampla fostaí sinsearach na cuideachta a leithéid an bainisteoir díolacháin, an rialtóir airgeadais, iniúchóir inmheánach etc. an faisnéisiú sin ar fáil. Is gnách i ndiaidh an fhaisnéisithe go gceadaítear don duine/do na daoine sin imeacht leo d’fhonn deis a thabhairt don bhord an t-ábhar/ na hábhair a eascraíonn as an bhfaisnéisiú a bhreithniú agus na cinntí riachtanacha a ghlacadh. Ba cheart ainmneacha na ndaoine sin maille le sonraí na míreanna ar an gclár oibre ba chúis lena mbeith i láthair a thaifeadadh.

cruinn san achoimre. Sa chás go n-iarrann comhalta boird go sonrach go gcuirfí a phointe sa mhiontuairisc, m.sh. i gcás easaontais, ba chóir a bheith an-chúramach lena chinntiú go bhfuil an pointe/na pointí a rinneadh léirithe go cruinn sna miontuairiscí;

- Torthaí aon vótála a rinneadh;
- Sonraí na rún a rith an bord, i.e. cinní foirmeálta a rinneadh i ndiaidh vótála;
- Sonraí aon tarmligeán údarais an bhoird do chomhaltaí boird nó d'fhostaithe, ba cheart é a thairneadh, m.sh. más rud é gur údarair an bord ball sinsearach foirne chun seiceanna a shíniú ar a shon.
- Síniú Chathaoirleach an Bhoird ag deimhniú go bhfuil na miontuairiscí arna dtairneadh ina léiriú cruinn ar na himeachtaí³².
- Ba cheart an clár oibre mar a cuireadh i gcúrsaíocht é chucu siúd a d'fhreastail ar an gcruinniú a cheangal leis na miontuairiscí (bheadh gach mír ar an gclár oibre uimhrithe in ord leanúnach ar mhaithe le héascaíocht tagartha).

Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta

- Dáta, am agus ionad an chruinnithe;
- Ainmneacha na stiúrthóirí agus na rúnaithe i láthair;
- Stiúrthóirí etc. a bhfuarthas leithscéalta uathu mar gheall ar neamhábaltacht bheith i láthair;

³² Is gnáthchleachtas i ndiaidh cruinnithe na miontuairiscí a scaipeadh ar chomhaltaí an bhoird lena n-athbhreithniú. Ag an gcruinniú dar gcionn faomhfaidh an bord na miontuairiscí i ndiaidh dóibh plé a dhéanamh orthu mar a cuireadh i gcúrsaíocht iad agus más gá i ndiaidh dóibh iad a leasú. D'fhéadfadh leasú bheith de dhíth mar shampla sa chás go mbeadh comhalta boird den tuairim nach léiriú cruinn atá sna miontuairiscí mar a dréachtaíodh i gcéadair iad ar na pointí a rinne an duine sin. A thúsce iad faofa ba cheart na miontuairiscí a bheith sínithe ag an gCathaoirleach.

- Ainm Chathaoirleach an chruinnithe;
- Ainmneacha daoine eile a bhí i láthair (ag an tábla bairr 'top table') agus an cháil ina raibh siad ag freastal, m.sh. iniúcháirí, comhairleoirí airgeadais na cuideachta etc.;
- Faomhadh mhiontuairiscí na gcruinnithe a chuaigh roimhe agus aon cheartúcháin a iarradh;
- Sonraí aon doiciméid nó páipéir a chuir comhaltaí ar bord lena mbreithniú ar a n-áirítear teideal agus údar aon doiciméad dá leithéid; Doiciméid a bheidh ina mbonn taca le cinní (rúin) ag an gcruinniú, a leithéidí ráitis airgeadais agus tuarascáil iniúchára (nuair is infheidhme), ní mór iad a scaipeadh ar na comhaltaí roimh an gcruinniú d'fhonn deis a thabhairt dóibh staidéar a dhéanamh orthu.
- Sonraí na moltaí a cuireadh faoi bhráid na gcomhaltaí le haghaidh vótála, ainmneacha na ndaoine a rinne na moltaí agus iadsan a chuidigh leo;
- Sonraí aon choinbhleachtaí leasa a chuir stiúrthóirí in iúl agus cibé, mar shampla, ar staon siad ó bheith rannpháirteach sa phlé, nó ar staon siad ó aon vótáil nó ar imigh siad as láthair an chruinnithe d'fhonn plé a dhéanamh faoin ábhar nó nach ndearna;
- Ba cheart na tuairimí a nochtaigh gach duine a bhí páirteach sa phlé a thairneadh ar a n-áirítear mar shampla ceisteanna a chuir comhaltaí ar an mbord ón urlár agus na freagairtí a fuarthas ar ais. Cé gur féidir leis na miontuairiscí achoimriú a dhéanamh de na pointí a rinneadh ba cheart go léireofaí substaint na bpointí a rinneadh go cruinn san achoimre. Sa chás go n-iarrann an té a rinne an pointe go sonrach go gcuirfí a phointe sa mhiontuairisc, m.sh. i gcás easaontais, ba chóir a bheith an-chúramach lena chinntiú go bhfuil an pointe a rinneadh léirithe go cruinn sna miontuairiscí;

- Toradh aon vótála a rinneadh (arna dhearbhu ag an gCathaoirleach) agus cibé an ndearnadh le comhaireamh lámh nó le ghnáthvótáil é;
- Sonraí na rún a rith an chuideachta, i.e. cinntí foirmeálta a rinneadh i ndiaidh vótála;
- Síniú Chathaoirleach an bhoird ag deimhniú go bhfuil na miontuairiscí a taifeadh ina léiriú cruinn ar na himeachtaí;
- Ba cheart an clár oibre mar a cuireadh i gcúrsaíocht é chucu siúd a d'fhreastail ar an gcruinniú a cheangal leis na miontuairiscí (ba cheart gach mír ar an gclár oibre a bheith uimhrithe in ord leanúnach ar mhaithe le héascaíocht tagartha).

Aguisín D

Príomhreachtaíocht a Rialáinn Cuideachtaí i bPoblacht na hÉireann

Tá leagtha amach thíos an reachtaíocht is tábhachtaí den reachtaíocht phríomha rialaithe cuideachtaí i bPoblacht na hÉireann. Tá liosta iomlán a chuimsíonn na hIonstraim Reachtaíochta ábhartha uile (IRanna) ar fáil ar shuíomh idirlín OSFC ag www.osfc.ie.

Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009

- Acht na gCuideachtaí 1963
- Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1977
- Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982
- Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983
- Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986
- Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990
- Acht na gCuideachtaí, 1990
- Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1999
- Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2), 1999
- Acht um Fhorfheidhmiú Dhlí na gCuideachta, 2001.
- Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht), 2003
- Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2005
- Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2006
- Acht na gCuideachtaí (Leasú), 2009
- Acht na gCuideachtaí (Forálacha. Ilghnéitheacha), 2009

Aguisín E

Treoir maidir leis na Taifid Chuntais is gá do Chuideachta a Choinneáil

Córais Chuntasaíochta

Tá taifead na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí ar an bhfoirm is achoimre de na foirmeacha taifead cuntasáíochta is ceart do chuideachta a choinneáil. Tá i gceist leis sin dhá leabhar a choinneáil, leabhar na n-íocaíochtaí agus leabhar na bhfáltas.

Leabhar na n-Íocaíochtaí

Ba cheart na híocaíochtaí uile a rinne an chuideachta a thairfeadh i leabhar na n-íocaíochtaí maille leis an bhfaisnéis a leanas:

- dáta;
- uimhir seic;
- ainm an íocaí;
- méid;
- ba cheart ansin anailís a dhéanamh ar mhéid na híocaíochta agus ansin an CBL agus an eilimint den íocaíocht ar leith ó CBL (méid glan) a scarúint ó chéile;
- ba cheart ansin an méid glan a rangú faoi cheann nó níos mó de cheannteidil chaiteachais réamhshainithe, mar atá solas agus teas, teileafón, trealamh etc.

Tá sampla de leabhar na n-íocaíochtaí leagtha amach thíos chun críocha léiriúcháin.

Feictear ón sampla go bhfuil iomlán comhcheangailte na gcolún rangaithe (is é sin Solas & Teas, Trealamh, Teileafón agus Tuarastal) cothrom leis an méid atá sa colún ‘Méid Glan’. Sa dóigh chéanna beidh iomlán na gcolún ‘Méid Glan’ agus ‘CBL’ cothrom leis an gcolún ‘Méid’.

I dteannta an mhéid thuasluaite is **den tábhacht** go gcoinneofaí an doiciméadú **uile** a bhaineann leis agus a thacaíonn leis, mar atá sonraisc, admhálacha, conarthaí agus ráitis soláthraithe.

Leabhar na bhFáltas

Ba cheart na méideanna uile a fuair an chuideachta a thairfeadh i leabhar na bhfáltas maille leis an bhfaisnéis a leanas:

- dáta fála;
- ainm an duine/na cuideachta a dhéanann an íocaíocht;
- méid;
- ba cheart ansin anailís a dhéanamh ar an méid agus an CBL agus an eilimint ar leith ó CBL (méid glan) a scarúint ó chéile;
- ba cheart ansin an méid glan a rangú faoi cheann nó níos mó de cheannteidil fáltais réamhshainithe mar atá díolachán trádála, ús bainc, díbhinní a fuarthas etc.;
- méideanna a taisceadh sa bhanc, agus comhdhéanamh an taiscthe a thaispeáint go soiléir sa chás go mbaianeann níos mó ná admháil amháin leis an taisceadh.

Nóta: Ba chóir mar dhea-chleachtas na fáltais uile a thaisceadh go slán).

SAMPLA as LEABHAR na n-ÍOCAÍOCHTAÍ

Dáta	Uimhir Sheic	Ainm an íocaí	Méid	CBL	Méid Glan	Solas & Teas	Trealamh	Fón	Tuarastal
3 Meitheamh 09	100602	BSL Leictreachas	1210	210	1000	1000			
5 Meitheamh 09	100603	Eircom	2420	420	2000		1400	600	
9 Meitheamh 09	100604	S. Jones	500	0	500				500
	Iomlán		4130	630	3500	1000	1400	600	500

SAMPLA as LEABHAR na bhFÁLTAS

Dáta	Ainm	Méid	CBL	Méid Glan	Díolachán Trádála	Ús Bainc	Díolachán Trealamh	Díbhinní a Fuarthas	Taiscthe
4 Meitheamh 09	J. Smith	4840	840	4000	4000				
8 Meitheamh 09	ABC Ltd.	12100	2100	10000			10000		16940
9 Meitheamh 09	XYZ plc	500	0	500				500	500
	Iomlán	17440	2940	14500	4000		10000	500	17440

Tá sampla de leabhar na bhfáltas leagtha amach thuas chun críocha léiriúcháin.

Uair amháin eile feictear ón sampla go bhfuil iomlán comhcheangailte na gcolún rangaithe (is é sin Díolachán Trádála, Ús Bainc, Díbhinní a Fuarthas) cothrom leis an méid atá sa cholún ‘Méid Glan’. Ar an dóigh chéanna tá iomlán na gcolún ‘Méid Glan’ agus ‘CBL’ cothrom leis an gcolún ‘Méid’.

Ní hamháin gur ceart na leabhair thuasluaite a choimeád ach is den tábhacht freisin go gcoinneofar an doiciméadú uile a bhaineann le méideanna na bhfáltas agus a thacaíonn leo.

Doiciméid Bhainc

Ba chóir gach doiciméad bainc a bhaineann le fáltas agus le híocaíochtaí na cuideachta a choinneáil. Áirítear ar dhoiciméid bhainc mar shampla:

- ráitis bhainc;
- duillí seic (ar chóir dóibh beith comhlánaithe go cuí agus go hiomlán);
- duillíní taiscthe;
- Aon chumarsáid leis an mbanc; cumarsáid a bhaineann le hiasachtaí mar shampla.

Aon mhéideanna a bheidh dlite ag an gcuideachta ag deireadh na bliana ní mór iad a ríomh (trí thagairt do shonraisc atá fós gan bheith íoctha ag deireadh na bliana) agus aon mhéideanna atá dlite don chuideachta ag deireadh na bliana ní mór iad a ríomh (trí thagairt do thaifead na n-earraí agus na seirbhísí a soláthraíodh ach atá fós gan bheith íoctha as).

Ní foláir an stoc ar lámh ag deireadh na bliana a luacháil trí thagairt a dhéanamh do na méideanna fisiciúla ar lámh agus do chostas ceannaithe an stoic sin (nó tríd an méid a gheofaí trína dhiúscairt sa chás go bhfuil sin níos ísle, m.sh. sa chás go bhfuil an stoc damáistithe nó imithe i léig). Le go mbeifear in ann méideanna fisiciúla an stoic ar lámh ag deireadh na bliana a dhéanamh amach ní mór de ghnáth go ndéanfaidh an chuideachta stocáireamh (agus beidh iniúcháirí na cuideachta i láthair lena linn de ghnáth).

De ghnáth beidh coimeád na dtaifead thuasluaite móide choimeád na ndoiciméad tacaithe uile leordhóthanach chun freastal d’ullmhúchán sraith bhunúsach de ráitis airgeadais. Ina theannta sin má iomlánaítear na colúin CBL i leabhar na bhfáltas agus i leabhar na n-íocaíochtaí gheofar an fhaisnéis riachtanach le cur isteach i dtuarascán CBL na cuideachta.

Tá an córas atá leagtha amach thuas an-bhunúsach áfach agus de ghnáth ní sholáthróidh sé an leibhéal faisnéise riaracháin is gá ach amháin i gcás na gcuideachtaí is bige. I gcás nach bhfuil an córas thuas dóthanach chun a chur ar chumas na cuideachta agus na stiúrthóirí staid airgeadais na cuideachta a dhéanamh amach ag aon am faoi leith agus go réasúnta beacht, teastóidh córas cuntasáíochta níos sofaisticiúla chun oibleagáid dhlíthiúil na cuideachta leabhair chúí chuntas a choinneáil a chomhlíonadh.

Taifid bhreise chuntasáíochta a choinneáil is ea atá i gceist le córais chuntasáíochta níos sofaisticiúla, mar shampla:

- iliomad cuntas bainc;
- mórleabhar féichiúnaithe (taifead leanúnach de na méideanna atá dlite don chuideachta);
- mórleabhar creidiúnaithe (taifead leanúnach de na méideanna atá dlite ag an gcuideachta);
- mórleabhar ainmniúil (taifead leanúnach ar ioncam, ar chaiteachas, ar shócmhainní agus ar dhliteanais na cuideachta);
- Taifid ar ghluaiseacht stoic, i.e. fáltais agus seoltaí stoic, aistrithe chuig agus ó obair idir lámha etc.
- clár na sócmhainní seasta (taifead leanúnach ar sócmhainní seasta na cuideachta, éadálacha a cuireadh leis na sócmhainní seasta agus diúscairtí a baineadh díobh, luachlaghdú etc.).

Sa chás go gcoinneofar na taifid chuntasáíochta breise sin, beidh fáil go réidh ar na méideanna atá dlite do nó dlite ag an gcuideachta. Beidh pictiúr níos soiléire mar sin ag stiúrthóirí na cuideachta ar staid airgeadais iarbhír na cuideachta.

Is gnách gur ar ríomhaire a choinneofar an cineál córas cuntasáíochta a bhfuil tuairisc air thuas. Tá roinnt pacáiste ann chun na críocha sin atá ar díol díreach ón tseif. De rogha air sin d'fhéadfaí na taifid thuasluaite a choinneáil i leabhair.

Córas Rialaithe Inmheánach

De bhreis ar na córais chuntasáíochta dá dtagraítear thuas ba chóir do chuideachtaí, go hidéalach, córas rialaithe inmheánach 'internal control' a chur i bhfeidhm más praiticiúil. Ní éilítear córas rialaithe inmheánach de réir dlí ach meastar gur dea-chleachtas é bheith ann. Sraith de pholasaithe agus de nósanna imeachta a chuireann na stiúrthóirí i bhfeidhm chun cuspoirí áirithe a bhaint amach atá i gceist le rialú inmheánach, mar shampla:

- d'fhonn cruinneas na leabhar chuntas agus na ráiteas airgeadais a chinntiú;
- d'fhonn sócmhainní na cuideachta a choimirciú;
- d'fhonn cosc a chur le calaois, le hearráid agus le mírialtachtaí eile.

Chun críche léiriúcháin, chuimseodh nósanna imeachta rialaithe mar shampla:

- cinnte a dhéanamh de a oiread agus is praiticiúil nach mbeidh cúrsa iomlán idirbhirt faoi stiúir aon duine amháin;
- cinnte a dhéanamh de go bhfuil faomhadh agus rialú dóthanach i bhfeidhm maidir le doiciméid;
- cruinneas uimhríochtúil na dtaifead a sheiceáil;
- cuntais rialaithe a choinneáil, m.sh. fiachóirí, creidiúnaithe, CBL, cuntais rialaithe ÍMAT (íoc mar a thuilltear);
- comharduithe trialacha tráthrialta a ullmhú;
- réitigh tráthrialta a chur i gcrích, m.sh. réitigh bhainc;

- comparáid a dhéanamh idir leibhéil fhisiciúla stoic agus an leibhéil stoic sna leabhair, neamhréireachtaí a aithint agus scrúdú a dhéanamh orthu, agus;
- an teacht ar shócmhainní agus ar thaifid a theorannú trí bhearta slándála fisiciúla, trí phasfhocail etc.

Nóta Fainice

Is treoir de chineál ginearálta atá leagtha amach san Aguisín seo agus níl sé i gceist go gceapfaí gur treoir uilechuimsitheach atá inti. Moltar go láidir do chuideachtaí agus dá stiúrthóirí comhairle chuntasaíochta ghairmiúil a lorg nuair atá siad ag cur córais chuntasaíochta agus córais rialaithe inmheánacha i dtoll a chéile d'fhonn a chinntiú go gcuirfidh na córais a chuirfear i bhfeidhm ar chumas na cuideachta agus ar chumas stiúrthóirí dá cuid na ceangail dlí atá orthu maidir leis sin a chomhlíonadh.

Aguisín F

Forálacha maidir le Cuideachtaí Príobháideacha Teoranta Aonchómhalta

Go ginearálta éilítear go mbeadh ar a laghad dhá chomhalta i gcuideachta. Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach, 1994, áfach, tá sé ceadaithe gan ach comhalta amháin a bheith ag cuideachta teoranta príobháideach. Trasuíodh Rialacháin na gComhphobal Eorpach i ndlí na hÉireann trí Ionstram Reachtuil (I.R.) Uimh. 275 de 1994³³. Tá príomhforálacha na rialachán sin leagtha amach san Aguisín seo.

- Is féidir le duine amháin cuideachta príobháideach faoi theorainn scaireanna nó faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil ach comhalta amháin inti a fhoirmiú.
- Is féidir cuideachta príobháideach faoi theorainn scaireanna nó faoi theorainn ráthaíochta a cláraíodh le beirt nó níos mó de shínteoirí ar an meabhrán comhaltais a iompú ina cuideachta aonchómhalta i gcás go laghdófar líon na gcomhaltaí go aon duine amháin agus go gclárófar scaireanna uile na cuideachta in ainm aon duine amháin. Sa chás go gcuirfear i gcrích an t-athrú sin go dtí cuideachta aonchómhalta, éilítear ar an gcuideachta an Cláráitheoir a chur ar an eolas maidir leis agus ainm agus sonraí an chomhalta aonair a chur ar fáil laistigh de 28 lá ó dháta an athraithe.
- Go contrártha leis sin cuideachta a corpraíodh mar chuideachta aonchómhalta nó a d'iompaigh ina cuideachta aonchómhalta i ndiaidh a corpraithe scoirfidh sí de beith sa cháil sin ar an dáta a rachaidh líon na gcomhaltaí os cionn aon duine amháin. Sa chás go méadóidh

líon na gcomhaltaí sa chaoi go bhfuil níos mó ná aon chomhalta amháin inti éilítear ar an gcuideachta é sin a chur in iúl don Cláráitheoir laistigh de 28 lá. (Nóta: beidh an chuideachta ina cuideachta príobháideach i gcónaí áfach a fhad is nach rachaidh líon na gcomhaltaí thar 99).


- Níl feidhm ag Alt 36 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, trína bhforchuirtear dliteanas ar chomhaltaí cuideachta a dtiteann líon na gcomhaltaí inti faoi bhun na teorann atá ceadaithe, maidir le cuideachtaí aonchómhalta.
- Is féidir leis an gcomhalta aonair i gcuideachta príobháideach aonchómhalta teoranta cinneadh a dhéanamh an ceangal cruinniú ginearálta na cuideachta a thionól a ligean thar ceal. Beidh éifeacht ag cinneadh dá leithéid ar feadh na bliana lena mbaineann agus sna blianta ina diaidh. Ní chuirfidh cinneadh dá leithéid ar ceal áfach aon dliteanas a eascraíonn de thoradh an loicthe CGB a thionól sula ndearnadh an cinneadh an CGB a ligean thar ceal.
- Sa chás go bhfuil éifeacht leis an gcinneadh an CGB a ligean thar ceal measfar go mbeidh na ceangail:
 - go gcuirfidh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais faoi bhráid an CGB;
 - go n-ullmhófar tuarascáil stiúrthóirí agus go gcuirfear faoi bhráid an CGB í;
 - go ndéanfaidh na hiniúcháirí tuarascáil le haghaidh na gcomhaltaí ag an CGB, agus;
 - go gcuirfidh gnóthas tuismitheora cuntais grúpa faoi bhráid an CGB;
 comhlíonta a thúsce a chuirfear na cuntais agus na tuarascálacha eile chuig an gcomhalta aonair.

³³ Is féidir téacs I.R. Uimh. 275 de 1994 a cheadú ag www.osfc.ie.

- Beidh na cumhachtaí uile atá infheidhme ag cuideachta ag cruinniú ginearálta infheidhme i gcás cuideachta aonchomhalta ag an gcomhalta aonair gan é bheith de cheangal air CGB a thionól chun na críche sin. Ní thugann an faomhadh sin cumhacht don chomhalta aonair iniúchóir na cuideachta a chur as oifig gan an cruinniú riachtanach a thionól.
- Aon fhoráil d'Achtanna na gCuideachtaí trína n-éilítear go ndéanfar beart nó go gcinnfear beart a dhéanamh ag cruinniú ginearálta nó trína n-éilítear go gcinnfear beart a dhéanamh trí rún na cuideachta measfar go bhfuil sé comhlíonta trí chinneadh an chomhalta aonair a bheith dréachtaithe i scríbhinn agus fógartha don chuideachta. Sa chás go bhfógróidh an comhalta aonair don chuideachta go bhfuil cinneadh déanta ar an dóigh sin ní mór don chuideachta an fógra a thaifeadh agus a choinneáil.
- Meastar go bhfuil comhalta aonair cuideachta phríobháideach ceangailte le stiúrthóirí na cuideachta³⁴.

Sa chás go ndéanfaidh cuideachta aonchomhalta conradh lena comhalta aonair agus go bhfuil an comhalta aonair ina ionadaí don chuideachta san idirbheart ag an am céanna, bíodh sé ina stiúrthóir nó eile, cinnteoidh an chuideachta, mura bhfuil an conradh i scríbhinn, go mbeidh téarmaí an chonartha leagtha amach i meabhrán scríofa nó taifeadta i miontuairisc an chéad chruinnithe na stiúrthóirí i ndiaidh don chonradh bheith déanta. Ní bheidh an fhoráil sin infheidhme i leith conarthaí a rinneadh i ngnáthchúrsa ghnó na cuideachta.

³⁴ Féach Leabhrán Faisnéise 2 – Stiúrthóirí Cuideachta (alt 2.6.9 – Idirbhearta le Stiúrthóirí le haghaidh míniú ar ‘Dhuine Ceangailte’.



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le bhagaidh eolas eile:

✉ **Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
Éire

☎ 01 858 5800
Loghla 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil
An English version of this booklet is available*